Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh:

Beartas agus Straitéis maidir le Sorcas, Ealaíona Sráide agus Seónna (SESS) 2018

the arts council an chomhairle ealaíon

Cur Síos Ginearálta agus Comhthéacs

Tá trí chineál ar leith foirm ealaíne sa phunann seo: Sorcas, Ealaíona Sráide agus Seónna (SESS) – tá siad seo ag leibhéil difriúla forbartha in Éirinn. Faigheann siad tacaíocht i láthair na huaire faoin bpunann chéanna sa Chomhairle Ealaíon, toisc go roinntear riachtanais fhorluiteacha i ngach foirm ealaíne sna réimsí oiliúna, scileanna taibhithe agus riachtanais bonneagair. Gné choitianta eile ná go gcuirtear i láthair iad go minic mar imeachtaí saor in aisce faoin spéir (paráidí, féilte, comóradh poiblí) agus tarraingíonn siad na sluaite daoine, daoine nach mbeadh aon spéis acu sna healaíona murach sin, de ghnáth.

Is foirm ealaíne ar scála iad seónna agus déantar a dtionchar a sheachadadh go príomha trí imeachtaí saor in aisce faoin spéir agus i gcomhthéacs féilte go minic. Léirítear cleachtas cruthaitheach ealaíne sráide go príomha i saothar ealaíontóirí aonair. Rud suntasach, ná go bhfuil roinnt trasnasc ann, agus go leor de na healaíontóirí seo ag obair uaireanta i gcomhpháirtíocht le seó-eagraíochtaí agus dreamanna eile. Cruthaíonn na healaíontóirí sin saothar beoga a shaibhríonn go leor féilte ar fud na tíre.

Is féidir sorcas a fhochatagóiriú in dhá réimse cleachtais: traidisiúnta agus comhaimseartha. Is foirm ealaíne faoi bhláth é an sorcas traidisiúnta. Cuireann gach seó pubaill taibheoirí idirnáisiúnta agus náisiúnta i láthair i sráidbhailte agus i mbailte ar fud na hÉireann. Tá an sorcas comhaimseartha (a chuirtear i láthair i dtéatair agus faoin spéir) ag forbairt ó dheireadh na 1990idí, agus iad faoi bhláth in earnáil mhór agus ghníomhach a bhfuil leathnú tobann tagtha air le dhá bhliain anuas.

Tá difríochtaí sa dá shruth idir na stíleanna léirithe, stiúradh ealaíne, modhanna dáileacháin, agus stair dul chun cinn laistigh den tír. Meallann sorcas mar fhoirm ealaíne líon ard lucht féachana agus éisteachta gach bliain lena n-áirítear cuid mhór lucht féachana agus éisteachta tuaithe agus cuid mhór daoine as pobail nua. Earnáil fáis is ea gníomhaíocht sorcais don óige laistigh d'Éirinn.

Tacaíonn an Chomhairle Ealaíon leis an dá shraith sorcais, trí thacaíocht dhíreach agus idirghabháil straitéiseach, agus tá an Chomhairle Ealaíon i mbun na hearnála agus í ag cuidiú le daoine aonair agus le heagraíochtaí chun obair taibhithe ar ardchaighdeán agus obair rannpháirtíochta ar ardchaighdeán a fhorbairt. D'ainneoin go dtuigimid an gá atá le caighdeán dhá shruth an tsorcais a chaomhnú, spreagaimid lucht ealaíne chomh maith dul i ngleic le teorainneacha cleachtas oibre trí dheiseanna thar réimse disciplíní ealaíne a phlé agus a fhorbairt.

Sainaithníonn an Chomhairle Ealaíon dhá réimse tosaíochta beartais in *Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh*: an t-ealaíontóir agus rannpháirtíocht an phobail. D'fhonn na réimsí tosaíochta sin a chur ar fáil i Sorcas, Ealaíona Sráide agus Seónna, glacfaidh an Chomhairle an cur chuige seo a bhfuil cuntas air thíos sna trí bliana seo romhainn. Mar sin féin, beidh tionscnaimh aonair ag brath ar thacaíochtaí bainistíochta tionscadal breise a sholáthar agus ar acmhainní airgeadais iomchuí a infheistiú.

Ealaíontóirí SESS

Ceann de na príomhrudaí a bhíonn ag déanamh tinnis d'ealaíontóirí SESS is ea easpa deiseanna oiliúna agus forbartha gairmiúla in Éirinn.

Tacaíonn an Chomhairle Ealaíon go díreach le healaíontóirí trí roinnt scéimeanna: Dámhachtain Tionscadail, Sparánacht, Taisteal agus Oiliúint, Camchuairteanna, Scéim Infheistíochta na bhFéilte, Gairmeacha Oscailte agus Dámhachtana Sparánachta don Chéad Ghlúin Eile. Trína Maoiniú Straitéiseach, tacaíonn an Chomhairle Ealaíon leis an mbonneagar riachtanach a theastaíonn chun cleachtas SESS a chothú agus a fhorbairt in Éirinn, agus, mar aon le Maoiniú Deontais do na hEalaíona, tugann sí deiseanna, acmhainní agus seirbhísí d'ealaíontóirí SESS.

Agus í ag tabhairt breis tacaíochta d'ealaíontóirí, déanfaidh an Chomhairle Ealaíon na nithe seo a leanas as seo go ceann trí bliana:

- Cuirfidh sí anailís fhoriomlán den earnáil i gcrích chun na gníomhaíochtaí seo a leanas a áireamh:
    - Suirbhé ar riachtanais na hearnála SESS in Éirinn. Beidh sé mar aidhm ag an suirbhé seo na príomháiteanna ina bhfuil ealaíontóirí gairmiúla ag gníomhú a shainaithint, na cineálacha cleachtas ealaíonta i ngach láthair, agus an méid acmhainní atá ar fáil i láthair na huaire chun cleachtais den sórt sin a choimeád.
    - Déanfaidh sí léarscáiliú ar na riachtanais bhonneagair (bunaithe ar thógáil) sa réimse seo, agus díreoidh sí go háirithe ar na príomhlimistéir uirbeacha/cathrach.
- Feabhsóidh sí na deiseanna oiliúna gairmiúla a bheidh ar fáil d'ealaíontóirí sorcais chomhaimseartha agus thraidisiúnta araon. Déanfar scópáil air sin trí chónaitheachtaí struchtúrtha a bhunú ag obair i gcomhpháirt le heagraíochtaí laistigh den earnáil.

Rannpháirtíocht an Phobail agus SESS

Sa réimse a bhaineann le rannpháirtíocht an phobail, is é an rud is mó a bheidh ag déanamh imní don Chomhairle Ealaíon ná tuiscint níos fearr a fháil ar iompraíochtaí difriúla an phobail maidir le bheith ag dul i ngleic leis na foirmeacha ealaíne seo. Tugann fianaise starógach le fios go léiríonn an pobal sorcais chomhaimseartha an píosa is mó den phunann seo i láthair na huaire, leis an leibhéal rannpháirtíochta neamhghairmiúla is leithne, mar a fheiceann go leor eagraíochtaí deonacha a bhfuil aithne ag an gComhairle Ealaíon orthu.

Téitear i ngleic go príomha leis an soláthar reatha i gcomhair rannpháirtíocht an phobail in SESS trí thacaíocht airgeadais amhail Maoiniú Straitéiseach d'eagraíochtaí SESS, agus dámhachtainí eile d'ealaíontóirí aonair. Leithdháiltear an tacaíocht bunaithe ar iarratas foirmiúil agus próiseas measúnaithe ina n-áirítear rannpháirtíocht an lucht féachana mar cheann de na critéir a bhfuil tosaíocht acu. Baintear leas as sprioc-chomhpháirtíochtaí le heagraíochtaí maoinithe agus le gníomhaireachtaí eile freisin mar shásra breise chun rannpháirtíocht lucht féachana a leathnú.

Agus rannpháirtíocht an phobail á forbairt tuilleadh, déanfaidh an Chomhairle Ealaíon na rudaí seo a leanas as seo go ceann trí bliana:

- Feabhsóidh sí an tuiscint atá ar lucht féachana CESS trí na gníomhaíochtaí seo a leanas:
    - Déanfar anailís ar shonraí lucht féachana atá ar fáil i gcáipéisíocht, i dtuarascálacha agus in iarratais reatha na Comhairle Ealaíon thar thréimhse deich mbliana.
    - Déanfar idirdhealú soiléir idir na patrúin rannpháirtíochta éagsúla in SESS, maidir le lucht féachana agus rannpháirtithe gníomhacha.
    - Tabharfar aird faoi leith ar eolas a fhorbairt faoi rannpháirtíocht dheonach i ngníomhaíocht shorcais ar fud na tíre.
    - Cinnteofar go n-áireofar SESS in aon suirbhéanna poiblí a bheidh ar bun ag an gComhairle Ealaíon.

Réimsí Forbartha a Bhaineann go Sonrach le SESS

Mar réimse cleachtais atá fós i mbun forbartha in Éirinn, is í an phríomhcheist do SESS an gá atá le héagsúlacht na seirbhísí agus na ndeiseanna atá ar fáil d'ealaíontóirí a mhéadú. Caithfear i bhfad níos mó acmhainní a chur ar fáil don chleachtas ionas go mbeidh tacaíocht dá fhorbairt agus ionas go mbeidh sé in ann a chumas iomlán a bhaint amach. Toisc go bhfuil na tionscnaimh atá mionsonraithe sa bheartas seo scóipeáilte agus in ord tosaíochta, sainaithneofar agus slánófar na hacmhainní atá riachtanach lena gcur i bhfeidhm.

Chun dul i ngleic leis sin, déanfaidh an Chomhairle Ealaíon na rudaí seo a leanas as seo go ceann trí bliana:

- Tacóidh sí le camchuairt saothair in SESS.
- Spreagfaidh sí agus tabharfaidh sí dreasacht do chomhoibrithe trasdhisciplíneacha trí scéimeanna cosúil le Gairmeacha Oscailte.
- Spreagfaidh sí cleachtas cruthaitheach i sorcas traidisiúnta.
- Tacóidh sí le cláir mheantóireachta i gcás ina mbeidh fáil ar acmhainní agus ar chomhpháirtithe iomchuí.
- Tacóidh sí le forbairt cumais i gcleachtas bainistíochta.
- Uasmhéadóidh sí úsáid as sonraí comhroinnte ar fud na hearnála.

Réimsí Eile as *Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh* ina bhfuil Leas Straitéiseach ag SESS

Mar gheall nach bhfuil an cleachtas óige forbartha a dhóthain bíonn tionchar ag easpa clár oiliúna foirmiúil in Éirinn ar ealaíontóirí a bhíonn ag saothrú sna foirmeacha ealaíne seo. Múineann ealaíontóirí iad féin (is minic a bhíonn an scéal amhlaidh i Sráidealaíona), múineann daoine muinteartha leo iad (an sorcas traidisiúnta go minic), nó tugann siad faoi oiliúint thar lear (an sorcas comhaimseartha go minic). Beidh printíseacht neamhfhoirmiúil nó fhoirmiúil curtha i gcrích ag go leor ealaíontóirí agus déantóirí a oibríonn i seónna laistigh de chompántais eile anseo agus thar

lear. Ag teacht le cleachtas gairmiúil, cuireann easpa spásanna tiomnaithe bac freisin ar chláir fhoirmiúla a chur chun cinn don óige.

Sa réimse a bhaineann le daoine óga, leanaí agus oideachas (DÓLO), déanfaidh an Chomhairle Ealaíon na rudaí seo a leanas as seo go ceann trí bliana:

- Leanfaidh sí ag forbairt beartas SESS i gcomhar leis na creatlacha sin a shainaithin an fhoireann DÓLO agus a chuir sí i bhfeidhm.
- Leanfaidh sí ag tabhairt tacaíocht airgeadais do ghníomhaíochtaí óige a chomhlánaíonn cláir bhliantúla arna seachadadh ag compántais agus ag eagraíochtaí gairmiúla ealaíne SESS.

Téann roinnt ealaíontóirí téatair sráide agus sorcais chomhaimseartha ar camchuairt chuig féilte idirnáisiúnta agus bíonn siad le feiceáil thar lear go minic. Cuireann roinnt acu a saothar i láthair lasmuigh d'Éirinn den chuid is mó toisc go gcónaíonn siad thar lear formhór na bliana, ag brath ar chamchuairteanna idirnáisiúnta chun slí bheatha a bhaint amach, go háirithe ar mhórthír na hEorpa.

Sa réimse idirnáisiúnta, déanfaidh an Chomhairle Ealaíon na rudaí seo a leanas as seo go ceann trí bliana:

- Oibreoidh sí leis an earnáil chun bealaí nua a iniúchadh chun tacaíocht a thabhairt d'ealaíontóirí agus d'eagraíochtaí chun líonraí gairmiúla a chomhdhlúthú le comhpháirtithe idirnáisiúnta.
  Leanfaidh sí ag tabhairt tacaíochta d'eagraíochtaí SESS atá ag gabháil do thionscnaimh arna maoiniú ag an AE.